Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2025)0182

An Comhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach agus na Stáit san Aigéan Ciúin: aontachas Vanuatú

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Meán Fómhair 2025 ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le haontachas Vanuatú leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile (07847/2025 – C10-0085/2025 – 2025/0055(NLE))

(Toiliú)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (07847/2025),

– ag féachaint don Chomhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile[1],

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 207(4), an chéad fhomhír, agus Airteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C10-0085/2025),

– ag féachaint do Riail 107(1) agus (4), agus do Riail 117(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta (A10-0141/2025),

1. ag tabhairt a toilithe d’aontachas Vanuatú leis an gcomhaontú;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí

[1] IO L 272, 16.10.2009, lch. 2, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/agree_internation/2009/729/oj?eliuri=eli%3Aagree_internation%3A2009%3A729%3Aoj&locale=ga.

na mBallstát agus Vanuatú.